Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**5421/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0007(NLE)**

**AVIATION 14**
**ICAO 5**
**IXIM 22**
**RELEX 31**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5105/21 + ADD 1 |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5317/21 + ADD 1 REV 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, i ndáil leis an athbhreithniú ar Chaibidil 9 d'Iarscríbhinn 9 ('Éascú') a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta maidir le caighdeáin agus cleachtais mholta maidir le sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí<br>– Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le haghaidh an ghlactha |

1. An 23 Meitheamh 2020, le linn an 220ú seisiún dá cuid, ghlac Comhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) leasú 28 ar Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Leagtar síos in Iarscríbhinn 9 caighdeáin idirnáisiúnta maidir le héascú agus baineann Caibidil 9, Roinn D inti go sonrach leis an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR).

2. An 17 Iúil 2020, chuir ICAO Litir Stáit CE 6/3-20/71 ina n-iarrtar ar Stáit Chonarthacha ICAO fógra a thabhairt do ICAO faoi aon mhíshástacht leis an Leasú, i gcomhréir le hAirteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago, agus faoi aon difríochtaí sa Leasú a d'fhéadfadh teacht chun cinn, i gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago.

3. An 12 Eanáir 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais mar fhreagra ar litir Stáit ICAO. Pléadh an togra ag an Meitheal um Eitlíocht an 14 Eanáir 2021.

4. Chuir na toscaireachtaí in iúl go dtacaíonn siad ar an iomlán leis an seasamh a mhol an tAontas agus chuir siad a mbarúlacha in iúl.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– a dhaingniú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh ón gComhairle, mar a leagtar amach in JL 5386/21 arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe,

– cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn leis an ngníomh a ghlacadh.